Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026
(OR. en)

9646/26
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0250(COD)**

CODEC 993
JAI 654
COPEN 197
DROIPEN 98
FREMP 187
SOC 288

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**D'iarr an Phortaingéil go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Is díol sásaimh don Phortaingéil na hiarrachtaí uile lena neartaítear a thuilleadh cearta na n- íospartach. I ndáil leis an méid sin, tacaíonn an Phortaingéil ar an mórgóir leis an bpacáiste comhréitigh.

Mar sin féin, seasann an Phortaingéil leis an agóid a rinne sí i gcoinne na tagartha don ghinmhilleadh atá sna haithrisí. Déantar foghail, le tagairt mar sin, ar inniúlacht náisiúnta na mBallstát agus is sárú í, atá contrártha le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

Ina theannta sin, níor aontaigh na comhreachtóirí go mbeadh forálacha oibríochtúla ann ina mbeadh cur síos ar chóireálacha sonracha d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh, lena n-áirítear an ginmhilleadh ach gan a bheith teoranta don ghinmhilleadh. Foráiltear le Treoirlíne 10 den Treoir Phraiticiúil Chomhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún do dhaoine a bhfuil baint acu le Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a dhréachtú gurb é *is cuspóir leis na haithrisí sin cúiseanna gonta a leagan amach do phríomhfhorálacha na dtéarmaí achtacháin ach gan iad a atáirgeadh ná a athinsint*. Níor cheart *forálacha nach bhfuil normatach, amhail mianta nó dearbhuithe polaitiúla,* a áireamh sna haithrisí ach oiread.

Is éard atá sna haithrisí an roinn i ngníomh dlí nach mór do na hinstitiúidí a chruthú gur ghníomhaigh siad laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí, nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach go leordhóthanach astu féin, agus go mbeidh an ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais teoranta don mhéid is gá chun cuspóirí na gConarthaí a chomhlíonadh.
Sa chomhthéacs sin, bunaítear fasach neamh-inmhianaithe gan údar trí thagairt mar sin a áireamh in aithris 13.